Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Dréacht- Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin Scoile Uile

[Iar-bhunscoileanna]

Ainm na hIar Bhunscoile: Coláiste Muire, Tuar Mhic Éadaigh

Uimhir Rolla: 64691Q

Tréimhse an Phlean: Meán Fómhair 2020 – Meitheamh 2022

Ainm na Scoile	***Coláiste Muire, Tuar Mhic Éadaigh***	**Uimhir Rolla**	***64691Q***
Comhthéacs na scoile	***Stair na Scoile*** Tá Coláiste Muire lonnaithe i nGaeltacht Thuar Mhic Éadaigh i gContae Mhaigh Eo. Chuir an Rialtas Coláiste Muire ar bun mar Choláiste Ullmhúcháin do chailíní i 1931. Ba í an Ghaeilge gnáth-theanga teagaisc agus labhartha an Choláiste. 'Is í an aidhm a bhí ag an gcoláiste ná daltaí a thraenáil le bheith ina múinteoirí náisiúnta, go mbeadh ar chumas mhúinteoirí náisiúnta a ranganna a mhúineadh trí mheán na Gaeilge, sé sin, ag teacht le polasaí an stáit "an Ghaeilge a chur chun cinn" sa stát nua, Saorstát Éireann. Cuireadh deireadh leis an gcóras seo i 1961 agus lean Coláiste Muire ar aghaidh mar ghnáth scoil chónaithe agus lae do chailíní faoi choimirce Siúracha na Trócaire. Lean an traidisiún Gaelach a ard léinn ar aghaidh agus cé go ndeachaigh cuid mhaith de na scoláirí le múinteoireacht bhí cáil ar iar-scoláirí i gcúrsaí dleathach, innealtóireachta agus polaitíochta. Sa bhliain 1986 tháinig athrú eile, bheartaigh na mná rialta éirí as cúrsaí oideachais i gColáiste Muire. Is iomaí cor a bhí sa scéal ina dhiaidh sin, ach is é an toradh a bhí ar ná gur cheannaigh muintir an cheantair an choláiste i 1987 agus ó shin tá an scoil á reáchtáil do bhuachaillí agus do chailíní, faoi Bhord Bainistíochta. Tá an fhoireann theagaisc agus an Bhainistíocht ag díriú a n-aird ar na bun-phrionsabail a bhí ag an gColáiste i gcónaí – caighdeán ard Gaelach agus léinn. I gColáiste Muire déanann an fhoireann teagaisc agus bainistíocht na scoile gach iarracht a chinntiú go bhfuil gach dalta sona agus sábháilte agus go mbaineann sé/sí amach a c(h)umas i dtimpeallacht scoile atá comhbhách agus comhoibritheach. Sa mheastóireacht scoile uile a déanadh i Meán Fómhair 2016 dúradh gur príomhláidreacht de chuid na scoile é éiteas an chúraim do na scoláirí. ***Suíomh, Scoileanna Friothálacha, Scoileanna Dara leibhéal in aice láimhe*** Tá an scoil lonnaithe i nGaeltacht Thuar Mhic Éadaigh i gContae Mhaigh Eo. Tá muid i nGaeltacht de chatagóir C. I láthair na huaire, tá daltaí ó 16 bunscoil T2 & 4 bhunscoil (?) T1 ag freastal ar Choláiste Muire. Tá 160 scoláire ag freastal ar an scoil i láthair na huaire. D'fhreastail 65 de na daltaí ar scoileanna T1 agus 95 de na daltaí ar scoileanna T2. ***Leagan amach fochoiste pleanáil teanga*** Bainistíocht Múinteoirí; ANÍL, MNÍM (40 nóiméad an duine sa tseachtain) & SÓB ***Struchtúir Bainistíochta agus Foireann Theagaisc na scoile*** I láthair na huaire tá 20 Múinteoir. An Fhoireann Meán Bainistíochta agus Ceannaireachta atá sa scoil ná PCI x 2 agus PCII x 2. D'fhreastail 8/19 (43%) de na múinteoirí iar-bhunscoil lán-Ghaelach. D'fhreastail 6/19 (32%) ar Ghaelcholáiste. Céim sa Ghaeilge – 4/19		

TGMI – 13/19
Dioplóma sa Ghaeilge – 8/19
Dioplóma san aistriúchán – 1/19

Dar leis na múinteoirí, tá 17/19 (89%) compordach i dtaobh tuiscint na Gaeilge 69% (13/19) compordach i dtaobh labhairt na Gaeilge agus 63% (12/19) compordach i dtaobh scríobh na Gaeilge. Tá 95% den fhoireann sásta freastal ar ranganna Gaeilge.

Tuismitheoirí
Labhraítear Béarla den chuid is mó ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí. Labhraíonn X% Gaeilge.
Bíonn meascán de Ghaeilge agus Béarla in úsáid ag cruinnithe Cumann na dTuismitheoirí.
(ag fanacht ar thorthaí ó na suirbhéanna)

Bord Bainistíochta
Feidhmíonn an bord bainistíochta go hiomlán trí Ghaeilge.

Achoimre ar chúrsaí teanga i gColáiste Muire
Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do na dúshláin teanga atá ag an LPT seo. Is oileán intíre é an LPT a bhfuil brú air ón mBéarla ó chuile thaobh. Tagann formhór na scoláirí atá ag freastal ar Coláiste Muire ó cheantair taobh amuigh den Ghaeltacht.

Rolla





Critéar Teanga:	
Anailís ar an bhfianaise a bailíodh chun an bonnlíne gnóthachtála a aimsiú don sprioc agus an dul chun cinn a rianú	**Sainsprioc 1 (A) - Mata a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin to lucht na chéad bhliana**. • Líon na ndaltaí 2019/2020 17/21 (81%) ag déanamh Mata i nGaeilge. (Tagairt - Aguisín 2) • Inniúlacht teanga an mhúinteora. • Tá an béim ar an uimhearthacht. Níl an téarmaíocht rótheibí • I suirbhé na múinteoirí. Dúirt 100% den na daltaí agus 75% gur chabhraigh an buíonteagasc leo mar sin beidh muid ag leanúint leis mar thacaíocht. **Sainsprioc 1 (C)** • Inniúlacht teanga an mhúinteora. • Tá an bhéim ar uimhearthacht. Níl an téarmaíocht rótheibí • RÓS ag maoiniú agus ag stiúradh na scéime. **Sainsprioc 1 (D)** • Níl ach 2/160 scoláire i gColáiste ina gcainteoirí dúchasacha de réir sainmhíniú an RSO. (polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 lth 11) Tá an cúrsa T1 dírithe ar cainteoirí dúchasacha. Aithníodh go bhfuil orainn tacaíochtaí a chur ar fáil **Sainsprioc 1 (E)** • Toisc gur glacadh sa scéim muid. **Sainsprioc 2 (A)** • Aiseolas ó na múinteoirí. An tsraith sóisearach nua. **Sainsprioc 2 (B)** • Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcead phlean, aithníodh go raibh sóisialú an teanga lag ann. • De bharr an ghné shóisialta de choiste Gaeilge na nDaltaí tá méadú tagtha ar líon na daltaí ag freastal air i mbliana. (2018/2019 – 24/178 – 13%) (43/160 – 27%) **Sainsprioc 3 (A)** • Líon na ndaltaí ag roghnú Colaiste Muire mar mheánscoil ag titim. (Tagairt Aguisín 3)

Sprioc a 1 Go mbeidh fail ar churaclam, ghníomhachtaí curaclaim agus ghníomhachtaí comhchuraclaim	
Sainsprioc (A) Mata a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin to lucht na chéad bhliana. Roghnaithe toisc go bhfuil 17/21 (81%) de na daltaí a dhéanamh i nGaeilge i mbliana (2020-2021). (leathnú ar an bhfáil ar an gcuraclam don Teastas Sóisearach go dtí seo ar fáil in Aguisín 2.) Sainsprioc (B) Lámhleabhar eochairfhocail a dhearadh d'ábhair an Teastas Shóisearach chun téarmaí comónta a bhailiú. 2020-2021 téarmaíocht Bl1, 2021-2022 téarmaíocht Bl2, 2022-23 téarmaíocht Bl3 Sainsprioc (C) Leathnú ar an bhfáil ar an churaclaim trí Ghaeilge i Mata don Ardteist. Beidh sé seo ag brath ar éileamh, acmhainní agus uaireanta na scoile. (2021-2022) Tionscnamh píolóta - Fisic na hArdtieste ar líne (2019-2021). Sainsprioc (D) Tacú leis na daltaí chun an chaighdeáin Gaeilge atá ag teastáil do T1 a bhaint amach. Níl ach 2/165 scoláire ina gcainteoirí dúchasacha de réir sainmhíniú an RSO. (polasaí don Oideachas Gaeiltachta 2017-2022 lth 11) Sainscprioc (E) Múinteoirí a earcú atá in ann na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge. Foireann choimhdeach a earcú le líofacht sa Ghaeilge.	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	Mean Fómhair 2020 – Meitheamh 2022
Ról Ceannasaíochta	Bainistíocht na scoile & Múinteoirí ábhair
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
1, 2, 3 ,4, 6, 7, 11	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	
Sainsprioc (A) Mata a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge amháin to lucht na chéad bhliana. Roghnaithe toisc go bhfuil 17/21 (81%) de na daltaí a dhéanamh i nGaeilge i mbliana (2020-2021) (Leathnú ar an bhfáil ar an gcuraclam don Teastas Sóisearach go dtí seo ar fáil in Aguisín 2.) • Úsáid a bhaint as buíonteagasc chun tacú leis na múinteoirí. 0.12 de mhúinteoir (2 uair 40 nóiméad in aghaidh na seachtaine) **Múinteoirí ábhair** • Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin leathnú ag an oíche oscailte agus na buntáistí a bhaineann le tumoideachais a chur in iúl dóibh. Beidh cur i láthair/físeán don oíche oscailte. **Bainistíocht**	

- Is Leor Beirt (club obairbhaile) a reáchtáil ar feadh lá amháin i ndiaidh na scoile do na daltaí atá a gcuid ábhair á ndéanamh i nGaeilge acu. Costas Is Leor Beirt: €30 in aghaidh na huaire X 33 seachtaine.
  Bainistíocht & teagascóirí
- FGL ó COGG, SFGM & SSM
  Bainistíocht
- Clár na bhfógraí do na múinteoirí áit inár féidir linn eochairfhocail agus nathanna cainte a roinnt.
  Cúntóir Teanga
- Scoláireacht chun na Gaeltachta do dhaltaí na chéad bhliana. (ábhair aguisín 2 san áireamh)
  Fochoiste an phlean Gníomhaíochta & Cumann na dTuismitheoirí
- Comórtas Gaeilgeoir na Míosa do dhaltaí i mbliain a haon agus a dó. Roghnaithe ag na Roinn éagsúla. (Duais €20 x 9 mí. €180) (ábhair aguisín 2 san áireamh)
  Fochoiste an phlean Gníomhaíochta & na roinn éagsúla

Sainsprioc (B) Lámhleabhar eochairfhocail a dhearadh d'ábhair an Teastas Shóiséirigh chun téarmaí comónta a bhailiú. 2020-2021 téarmaíocht Bl1, 2021-2022 téarmaíocht Bl2, 2022-23 téarmaíocht Bl3

- Coiste Gaeilge na ndaltaí ag bailiú an eolais agus ag dearadh an lámhleabhair.
- Am ag cruinnithe ábhair chun an téarmaíocht a chur le chéile. 2020 go 2021
- Eochairfhocal clóite ag COGG agus leabhair Ghaeilge na n-ábhar.
  Coiste Gaeilge na nDaltaí & **Fochoiste an phlean Gníomhaíochta**

Sainsprioc (C) Leathnú ar an bhfáil ar an churaclaim trí Ghaeilge don Ardteist. Beidh sé seo ag brath ar éileamh, acmhainní agus uaireanta na scoile. (2021-2022)

- Tionscnamh píolóta - Fisic na hArdtieste ar líne (2019-2021).
  Bainistíocht & an múinteoir ábhair
- FGL ó COGG, SFGM & SSM
  Bainistíocht
- Mata curtha ar fáil trí Gaeilge do lucht na hidirbhliain 2020 – 2021
  Bainistíocht & múinteoirí ábhair
- ROS ag stiúradh agus ag maoiniú an scéim píolóta sa Fisic.
- Úsáid a bhaint as buíonteagasc chun tacú leis an múinteoirí.
  Bainistíocht & Roinn ábhair

Sainsprioc (D) Tacú leis na daltaí chun an chaighdeáin Gaeilge atá ag teastáil do T1 a bhaint amach. Níl ach 2/160 scoláire ina gcainteoirí dúchasacha de réir sainmhíniú an RSO. (polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 lth 11)

- Úsáid a bhaint as buíonteagasc

Bainistíocht & Roinn ábhair

- Dianchúrsa Gaeilge ag deireadh téarma 1 ar fáil do Bl1 2020. €800 foireann a earcú don seachtain. Nasc a chothú le Ollscoil na hÉireann Gaillimh
  Bainistíocht, Roinn na Gaeilge, Fochoiste an phlean Gníomhaíochta
- Tús áite a thabhairt don chanúint áitiúil trí cheardlann teanga a eagrú.
  Cúntóir Teanga
- Prós, filíocht, béaloideas agus amhráin áitiúla a bhailiú agus é a stóráil I bhfillteán. An Irisleabhar áitiúil (waterfall) mar fhoinse.
  Roinn na Gaeilge, Cúntóir Teanga, Fochoiste an Phlean Gníomhaíochta, Coiste Gaeilge na nDaltaí

Sainsprioc (E) Múinteoirí a earcú atá in ann na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge. Foireann choimhdeach a earcú le líofacht sa Ghaeilge.

- A fhógairt gur Scoil Gaeltachta í Coláiste Muire agus gur múinteoir atá in ann na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge atá uainn.
- Plean Teanga don limistéar Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach & TMÉ.
  Bainistíocht

An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama

Sainsprioc (A,B,C,D,E & an sprioc ón bplean 2017 - 2020 ar an leathnú ar bhfáil ar an gcuraclam iomlán trí Ghaeilge – aguisín 2 lth X)

- Cruinnithe Fhoirne (X uair sa bhliain).
- Cruinnithe Bhoird (X uair sa bhliain).
- Cumann na dtuismitheoirí (X uair sa bhliain).
- Pléite ag cruinnithe fochoiste an phlean gníomhaíochta.
- Taifead ar rannpháirtíocht na daltaí ar “Is leor Beirt”.

Sainsprioc (A)

- Fócas grúpa de scoláirí ag deireadh an chéad téarma
- Cruinniú le tuismitheoirí Bl 1 ag deireadh an chéad téarma.
- Cruinniú seachtainiúil ar feadh 15 nóiméad sa chéad téarma chun aiseolais a fháil agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann
- Suirbhé ar na daltaí Bl 1 ag deireadh na scoilbhliana
- Pléite ag na múinteoirí ag cruinnithe roinne go neamhfhoirmiúil.
- Aiseolas ó thuismitheoirí ag cruinnithe tuismitheoirí

Sainsprioc (B)

- Cruinnithe Coiste na nDaltaí
- Aiseolas ó na cruinnithe roinne.

Sainsprioc (c)

- Cruinniú seachtainiúil ar feadh 15 nóiméad sa chéad téarma chun aiseolais a fháil agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann.
- Fócas grúpa leis na daltaí le linn an phróisis chun aiseolas ón scéim píolóta a bhailiú.
- Aiseolas ó thuismitheoirí ag cruinnithe tuismitheoirí

Sainsprioc (D)

- Aiseolas ar chaighdeán na Gaeilge ó Roinn na Gaeilge agus ón gcúntóir teanga.
- Cruinnithe ábhair.
- Cruinnithe Coiste Gaeilge na nDaltaí (CnaG) – fillteán acmhainní áitiúla {Waterfall}
- Aiseolas ó thuismitheoirí ag cruinnithe tuismitheoirí

Sainsprioc (E)

- Cruinnithe Bord Bainistíochta

An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	**Dátaí athbhreithnithe**
• Meastóireacht iomlán ar fáil lth XXX	Téarma 1 2020 – le linn scrúdaithe na Nollag
	Téarma 2 2021 – bréag scrúduithe
	Téarma 3 2021 le linn scrúduithe an tsamhraidh.

An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)

An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)

Sprioc a 2 chun an critéar teanga seo a bhaint amach	
Cumarsáid na scoile trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	2020 - 2022
Ról Ceannasaíochta:	
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
3, 7, 8, 9, 10	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	

Sainsprioc (A) – Go labhróidh daltaí agus múinteoirí Gaeilge le chéile ar scoil /Cumarsáid fhoirmiúil na scoile

- Ranganna Gaeilge ó Ghaelchultúr a chur ar fáil do fhoireann na scoile. Úsáid a bhaint as uaireanta Bhóthar Haddington/FGL. Costas €2500
  Bainistíocht
- Booster Cúrsa do na múinteoirí. Ag díriú ar ghné den teanga gach coiscis. Úsáid a bhaint as uaireanta S&S?
  Múinteoir
- Téarmaíocht; Teanga acadúil; intinní foghlama do gach ábhair, tuairiscíní agus an córas grádú don Teastas Shóisearach, teanga na scrúdaithe a chur ar fáil.
  Cúntóir Teanga
- Cuir leis na nathanna cainte úsáideacha i ndialann scoile na ndaltaí agus na múinteoirí. Níos mó úsáid a bhaint as an dialann scoile na ndaltaí.
  Bainistíocht na scoile, Múinteoirí Ranga/ábhair
- Fógraí ó bhéal i nGaeilge amháin.
- Beidh páipéarachas agus comharthaí/fógraí na scoile trí Ghaeilge. Tabharfar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras a chuirfear abhaile.
  Pobal na scoile
- Is trí Ghaeilge amháin a bheidh na nuachtlitreacha agus beidh suíomh idirlín na scoile dátheangach.
  Bainistíocht na Scoile
- Dialann scoile na ndaltaí na hábhair agus an obairbhaile scríofa trí Ghaeilge
  Múinteoirí Ranga & Múinteoirí ábhair
- Aifreann na scoile trí Ghaeilge amháin
  Múinteoir TC

Sainsprioc (B) - Sóisialú an teanga i measc pobal na scoile

- Cuir le Coiste Gaeilge na nDaltaí. Is uirlis é seo chun éisteacht le tuairimí, riachtanais agus dearcadh na ndaltaí. Beidh ról gníomhach acu i gcur chun cinn an teanga. Spriocanna an choiste: Ról lárnach i gcomórtas peile na Gaeltachta/ lá spraoi/an cúrsa ionduchtú do pháistí rang a sé/Leabhar ionduchtú/ lámhleabhar leis na

heochairfhocail/an fillteáin leis na prós, filíocht, béaloideas agus amhráin áitiúla. Clár na bhfógra acu chun eolas a roinnt le daltaí na scoile. Freastalóidh na hoifigeach Gaeilge ar thraenáil na n-oifigeach i nGaillimh.
Fochoiste an phlean gníomhaíochta & Bainistíocht

- Cuirfear béim ar Ghaeilge ag Bronnadh na nDuaiseanna (catagóirí le socrú). Scoláireacht - fostaithe mar cheannairí i gColáiste Chiarán ar an gCeathrú/cúrsa samhraidh.
Fochoiste an phlean gníomhaíochta & Cumann na dTuismitheoirí
- Lá spraoi a eagrú ag tús na bliana. €300. Gearrfar aon chostas breise ar na daltaí.
Fochoiste an phlean gníomhaíochta
- Club Gaeilge ag am lóin, seomra caidrimh do chumarsáid agus do chluichí i nGaeilge.
Cúntóir Teanga
- Ciorcal comhrá do na scoláirí sinsearacha gach seachtain.
Coiste Gaeilge na nDaltaí & **Fochoiste an phlean gníomhaíochta**
- Gach iarracht a dhéanamh aoichainteoirí, teagascóirí le Gaeilge a aimsiú d'imeachtaí scoile. Seo Bóthar – €150. Caith Amach é – €10 an duine. Ceardlanna Raidió le Raidió Rí-Rá – € 300.
Bainistíocht, Fochoiste an phlean gníomhaíochta & múinteoirí ábhair, Cumann na dTuismitheoirí.
- Cuireadh chuig iarscolairí teacht chun labhairt leis na scoláirí faoi bhuntáistí na Gaeilge. Mí Eanáir 2021
Fochoiste an phlean Gníomhaíochta
- Turas a eagrú ionas gur féidir leis na daltaí cumarsáid a dhéanamh agus aithne a chur ar a chéile trí Ghaeilge. €10 an duine.
Fochoiste an phlean gníomhaíochta & Coiste Gaeilge na nDaltaí
- Comórtas peile na Gaeltachta idir na meánscoileanna i nGaeltacht na Gaillimhe agus Maigh Eo a eagrú. **€60 an fhoireann. Deontas ó COGG Le Chéile trí Chéile, Comhairle Connachta CLG (Mí Aibreán – roimh an gCáisc)**
Fochoiste an phlean gníomhaíochta.
- Turas a eagrú chun na Gaeltachta do fhoireann na scoile.
Fochoiste an phlean gníomhaíochta. Coiste Sóisialta scoile. Bainistíocht na Scoile
- Raidió na Gaeltachta a chur ar súil sa seomra foirne
Múinteoirí
- Tacú le tuismitheoirí Gaeilge a úsáid ag na cruinnithe – nathanna cainte agus eolas faoi ranganna áitiúla agus ócáidí Gaeilge a chur ar fáil.
Bainistíocht, Cumann na dTuismitheoirí, Cúntóir Teanga, Tuismitheoirí & Múinteoirí.
- Clár don Idirbhliain - Ceannairí don todhchaí don CLG - Modúl Cóitseálaí CLG a chur ar fáil dár mbunscoileanna friothálacha i gcomhar le clár na hidirbhliana. Eoin Hanley. https://learning.gaa.ie/
Fochoiste an Phlean Gaeilge, Comhordaitheoir na hidirbhliana, Coiste Gaeilge na nDaltaí

An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama

- Cruinnithe Foirne (X uair sa bhliain)
- Cruinnithe Boird (X uair sa bhliain)

- Cruinnithe Cumann na dtuismitheoirí (X uair sa bhliain)
- Cruinnithe Coiste na ndaltaí (X uair sa bhliain)
- Cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí. (X uair sa bhliain) ,
- Pléite ag cruinnithe fhochoiste an phlean gníomhaíochta.
- Taifead ar rannpháirtíocht, club Gaeilge, ciorcal comhrá.
- Taifead a choinneal de na haoichainteoirí/teagascóirí Gaeilge.
- Seisiúin athbhreithnithe i ndiaidh Chomórtas Peile na Gaeltachta agus an Lá Spraoi.
- Aiseolas ó na cúntóirí teanga

An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	**Dátaí athbhreithnithe**
• Meastóireacht iomlán ar fáil lth XXX	Téarma 1 2020 - le linn scrúdaithe na Nollag
	Téarma 2 2021 - bréag scrúduithe
	Téarma 3 2021 - le linn scrúduithe an tsamhraidh.

An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)

An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)

Sprioc a 3	
Nasc láidir a chothú le pobal na scoile ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga cumarsáide inti.	
Tréimhse ama chun an sprioc a bhaint amach	2020-2022
Ról Ceannasaíochta:	
Critéir Ratha - cén toradh/toradh foghlama a bhainfear amach	
7, 8, 9, 10, 11	
Na gníomhartha a dhéanfar agus na hacmhainní a úsáidfear chun an sprioc a bhaint amach	
Sainsprioc (A) Nasc níos láidre a chothú leis na bunscoileanna friothalacha. • Fochoiste a bhunú chun plean poiblíochta a chur le cheile. Baill ó chumann na dtuismitheoirí, an bord bainistíochta, foireann na scoile agus ón gcomhlacht. **Bainistíocht** • Laethanta agus oíche oscailte do na bunscoileanna friothalacha. **Bainistíocht** • Cuireadh a thabhairt do na bunscoileanna freastal ar imeachtaí/ar ócáidí m.sh seachtain na Gaeilge, drámaí srl. **Bainistíocht & na múinteoirí** • Cúrsa ionduchtú - Clár Aistrithe scoile do na daltaí go bhfaighidís taithí ar an scoil agus ar an nGaeilge. Beirt theagascóirí ar €50 uair in aghaidh na seachtaine X 6. **Bainistíocht, Teagascóirí, Coiste na nDaltaí**	
An Mhonatóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na foghlama	
• Aiseolas ó bhaill den bhfochoiste ag na cruinnithe (cumann na dtuismitheoirí, bord bainistíochta, comhlacht na scoile) • Aiseolas ó theagascóirí an chúrsa ionduchtú. • Taifead a choinneáil ar líon na ndaltaí ag freastal ar an gcúrsa ionduchtú	
An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú a dhéanfar ar an gcur i bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean	**Dátaí athbhreithnithe**
• Meastóireacht iomlán ar fáil lth XXX	Téarma 1 2020 – le linn scrúdaithe na Nollag Téarma 2 2021 – bréag scrúduithe Téarma 3 2021 le linn scrúduithe an tsamhraidh.
An Toradh a baineadh amach (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)	

An chéad chéim eile (le líonadh ag deireadh na tréimhse ama)

An Mheastóireacht agus an tAthbhreithniú (a dhéanfar ar an gcur I bhfeidhm agus ar éifeacht an phlean)
Taighde ar nós **Sainsprioc 1(A) & an sainsprioc ón bplean 2017 - 2020 ar an leathnú ar bhfáil ar an gcuraclam iomlán trí Ghaeilge – aguisín 2 lth X)** • Aird ar leith a thabhairt ar shonraí bonnlíne na tástálacha Droim Conradh – Mata agus na torthaí teanga a thagann isteach ó na bunscoileanna. **Sainsprioc 1(A C D) & an sainsprioc ón bplean 2017 - 2020 ar an leathnú ar bhfáil ar an gcuraclam iomlán trí Ghaeilge – aguisín 2 lth X)** • Torthaí scrúdaithe tí a iniúchadh. Na sonraí agus torthaí bonnlíne a chur i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. {FFS}. **Sainsprioc uile** • Suirbhé i ndiaidh na ceardlainne. • Fócas ghrúpa tuismitheoirí, scoláirí & múinteoirí a thabhairt le cheile agus a dtuairimí a lorg i dtaobh éifeacht an phlean i dtaobh cumarsáid i nGaeilge a chur chun cinn i measc an phobail. • Tuairisc ón gcúntóir teanga ag deireadh an scoilbhliain. • Suirbhé scoláirí a athdhéanamh agus na torthaí a chuir i gcomparáid leis an tús shuirbhé, agus ag deireadh an phlean reatha. • Suirbhé múinteoirí a athdhéanamh agus na torthaí a chuir i gcomparáid leis an tús shuirbhé agus ag deireadh an phlean reatha ***Roimh dheireadh an scoilbhliain 2021 &2022 maraon le tús tréimhse feidhme an phlean agus ag ócáidí meastóireacht/monatóireacht an phlean, beidh na ceisteanna seo a leanas mar bunchloch na fócais:*** • An bhfuil muidne mar scoil sásta go bhfuil na spriocanna agus na gníomhartha sa phlean soiléir, intomhaiste agus réalaíoch? • An bhfuil méadú ar líon na ndaltaí atá ag déanamh na scrúduithe stáit trí Ghaeilge? • AN bhfuil méadú ar líon na hábhair atá ar fáil trí Ghaeilge? • An bhfuil méadú ar líon na ndaltaí atá déanamh staidéar trí Ghaeilge? • An bhfuil méadú tagtha ar chumas Gaeilge i gColáiste Muire? • An bhfuil níos mó Gaeilge a labhairt timpeall na scoile?

**** Tuiscint a bheith ag na pairtnéirí oideachais ar fad go bhfuil solúbthacht ann gnéithe den phlean a athrú nuair is gá**

Aguisín 1

Leathnú ar an bhfáil ar an gcuraclam as Gaeilge ó Bl1 go Bl 3 (Teastas Sóirearach)	
2016 - 2017	0
2017 – 2018	Gnó, Tíreolaíocht, Stair
2018 – 2019	Gnó, Tíreolaíocht, Stair, Mata, **Líníocht, Ealaín,**
2019 – 2020	Gnó, Tíreolaíocht, Stair, Mata **Líníocht, Ealaín, Adhmadóireacht, Tíos**
2020 – 2021 (le teacht)	Gnó, Tíreolaíocht, Stair, **Mata, Líníocht, Ealaín, Adhmadóireacht, Tíos**
Ábhair i gcló trom ar fáil i nGaeilge amháin	

Daltaí an TS – Méid na ag déanamh ábhair acadúla i nGaeilge Teastas Sóisearaigh 2019 – 2020									
	Líon na ndaltaí	**Líníocht**	**Ealaín**	**Tíos**	**Adhmadóireacht**	**Gnó**	**Tíreolaíocht**	**Stair**	**Mata**
Bl 1	21	13/15	6/6	9/10	8/11	10/21	6/21	6/21	17/21
Bl 2	22	10/10	12/12	0/7	0/15	13/22	8/22	8/22	11/22
Bl 3	23	0/15	0/8	0/11	0/12	10/23	5/23	5/23	0/23

Daltaí na hArdteiste 2019 - 2020	
	Tíreolaíocht
Bl 5	**2/25**
Bl 6	**2/14**

Augisín 4 – Achoimre ar úsáid na n-uaireanta ón Roinn Oideachais

Aguisín 5 – Achoimre ar úsáid uaireanta an chúntóra teanga

Aguisín 6 – Achoimre ar úsáid an airgid €1200